



13108/23

**Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0219(COD)**

**INDEF 47
COPS 447
POLMIL 240
IND 475
MAP 48
COMPET 886
FISC 198
CODEC 1621**

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bunú an Ghnímh um thionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (an chéad léamh) – Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 19 Iúil 2022, chuir an Coimisiún an togra uaidh¹, bunaithe ar Airteagal 173(3) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 21 Meán Fómhair 2022².
3. An 12 Meán Fómhair 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis³.

¹ 11531/22

² IO C 486, 21.12.2022, lch. 168

³ 12895/23

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 40/23 é, a fhorghreas mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.
5. Má fhorghreasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.